



An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta

The International Protection Appeals Tribunal

An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta

Tuarascáil Bhliantúil 2025




Clár Ábhair

Ráiteas Misin	5
I. Brollach ó Chathaoirleach an Bhinse Hilka Becker	6
1. Réamhrá	7
Sracfhéachaint ar an mBinse in 2025	9
2. Maidir leis an mBinse	10
2.1. Bunú agus Dlíne	10
2.2. Ról an Bhinse in Imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh	11
2.3. Comhaltas an Bhinse	11
3. Caighdeáin agus Cleachtais an Bhinse	13
3.1. Ráiteas Straitéise an Bhinse 2024–2026	13
3.2. Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí	14
3.3. Nóta Cleachtais Riaracháin	14
4. Cáilíocht agus Comhsheasmhacht na Cinnteoireachta	15
4.1. Oiliúint ag an mBinse	15
4.2. Cruinniú Reachtúil den Bhinse	17
4.3. Córas Iniúchóireachta Cáilíochta	17
4.4. Treoirlínte an Chathaoirligh a Eisíodh in 2025	17
4.5. Monatóireacht ar Athbhreithnithe Breithiúnacha	20
4.6. Tacaíochtaí Oibríochtúla EUAA	21
II. Achoimre Fheidhmeach an Chláraitheora	22
5. Cláraitheoir agus Riarachán an Bhinse	23
5.1. Leibhéal Foirne an Bhinse amhail 31/12/25	23
5.2. Forbairt agus Oiliúint Chomhaltaí Foirne an Bhinse	24
5.3. Nuachóiriú agus Cosaint Sonraí	24
6. Tuarascáil Airgeadais	26
6.1. Cinntí arna n-eisiúint ag Comhaltaí lánaimseartha agus páirtaimseartha den Bhinse in 2025	26

7.	Staidreamh	31
7.1.	Achoimre – Líon Cásanna an Bhinse 2025	31
7.2.	Achoimre – Cineálacha Achomhairc a fuarthas in 2025	31
7.3.	Gach Achomharc a Fuarthas in 2025	32
7.4.	Líon na nÉisteachtaí a bhí Sceidealaithe in 2025	33
7.5.	‘Daoine nár Tháinig’ agus Aistarraingtí/Aistarraingtí Measta 2025	34
7.6.	An Líon a Cuireadh Siar agus a Cuireadh ar Atráth	34
7.7.	Líon na gCinntí a Eisíodh in aghaidh na Míosa	35
7.8.	Gach Cinneadh a Eisíodh in 2025	36
7.9.	Achoimre ar Achomhairc ar Feitheamh an 31 Nollaig 2025	36
7.10.	Fad an Phróisis Achomhairc	37
7.11.	Achomhairc Shubstainteacha um Chosaint Idirnáisiúnta a Glacadh in 2025 de réir Tír Thionscnaimh	38
7.12.	Achomhairc Nós Imeachta Aonair um Chosaint Idirnáisiúnta 2025 (Toradh na nAchomharc)	39
7.13.	Anailís ar Mholtaí Nós Imeachta Aonair Deimhnithe um Chosaint Idirnáisiúnta 2017 go 2025	39
7.14.	Achoimre ar Chinntí Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta de réir na Tíre Náisiúntachta – Deimhnithe agus Curtha ar Leataobh in 2025.	40
7.15.	Cinntí Rialachán Bhaile Átha Cliath III a Deimhníodh agus a Cuireadh i Leataobh in 2025	40
7.16.	Anailís ar Chinntí Rialachán Bhaile Átha Cliath 2017 go 2025	41
7.17.	Cinntí Achomhairc Neamh-inghlacthachta (alt 21)	41
7.18.	Cinntí maidir le hAchomhairc ina Dhiaidh Sin (alt 22)	41

Ráiteas Misin

Is é **misean** an **Bhinse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta** leigheas éifeachtach a sholáthar laistigh den chóras cosanta idirnáisiúnta atá ar an gcaighdeán is airde agus é sin a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtaí, is inbhuanaithe agus is dírithe ar an úsáideoir, ag cinntiú go gcomhlíontar dlí náisiúnta, dlí an AE agus dlí idirnáisiúnta.



I. Brollach ó Chathaoirleach an Bhinse Hilkka Becker

Is cúis mhór áthais agus bróid dom an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, an tUasal Jim O'Callaghan TD.

Agus muid ag machnamh ar an mbliain 2025, táim an-bhródúil as an obair atá déanta ag an mBinse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta. Le blianta fada anuas, léirigh an Binse tiomantas seasmhach maidir lena mhisean a chomhlíonadh chun leigheas éifeachtach a sholáthar laistigh den chóras cosanta idirnáisiúnta atá ar an gcaighdeán is airde agus é sin a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtaí, is inbhuanaithe agus dírithe ar an úsáideoir, agus a chinntiú go gcloífear le dlí náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta.

Bhí dúshláin shuntasacha ann i mbliana, agus ba é an rud is tábhachtaí ná an méadú 74% eile ar líon na n-achomharc a fuair an Binse go 15,334; ach tá forbairtí dearfacha tábhachtacha feicthe againn freisin amhail ceapachán 67 Comhalta breise den Bhinse sa dara leath den bhliain agus teacht na dtacaíochtaí oibríochtúla ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) i mí Dheireadh Fómhair.

I dtírdhreach domhanda atá ag éirí níos casta i gcónaí, ní raibh an gá le sásra achomhairc neamhspleách chomh ríthábhachtach riamh. Rinne ár mBinse a dhícheall na caighdeáin is airde neamhchlaontachta agus ionracais a choinneáil, rud a chinntíonn go n-éistfear le gach achomharc leis an dúthracht agus leis an gcothroime atá tuillte aige. Bhí dúthracht mo bheirt Leas-Chathaoirligh, Chomhaltaí an Bhinse, ár dTaighdeoirí Dlí agus na bhFoirne Riaracháin, faoi stiúir Chláraitheoir an Bhinse George Sinclair, ríthábhachtach chun an sprioc sin a bhaint amach, agus gabhaim mo bhuíochas ó chroí leo go léir.

Leagtar béim sa tuarascáil seo ar ár bpríomhéachtaí, lena n-áirítear méadú ar líon na n-achomharc a críochnaíodh agus clár oiliúna nua a thabhairt isteach do bhaill foirne riaracháin agus do Chomhaltaí an Bhinse, rud a chinntíonn go mbeidh an t-eolas agus na scileanna is déanaí acu chun gur féidir

leo spriocanna an Bhinse a bhaint amach, rud a sháraíonn ár sprioc aschuir agus 6,254 achomharc curtha i gcrích ag deireadh na bliana.

B'fhéidir go mbeidh na dúshláin atá romhainn suntasach ach le tacaíocht ón Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, leanfaimid lenár mbealach a dhéanamh tríothu le seasmhacht agus le dúthracht. Oibríonn foireann ardbhainistíochta an Bhinse go dlúth leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce d'fhonn a chinntiú go bhfuil líon dóthanach de Chomhaltaí Binse agus foireann tacaíochta riaracháin agus dlí ag an mBinse agus gur féidir leis iad a choinneáil, chomh maith le cóiríocht shaincheaptha chun cumas imleor a chinntiú chun líon na n-achomharc atá ar feitheamh agus a bhfuiltear ag súil leo a phróiseáil. Tá sé ríthábhachtach fós go gcuirfí acmhainní ar fáil don Bhinse, mar aon le hiarrachtaí an Bhinse féin chun éifeachtúlacht a mhéadú tuilleadh, ionas go mbeidh an Binse ábalta freastal ar an éileamh a thagann as an méadú breise a thuartar ar achomhairc in 2026, agus tús á chur leis an gcóras cosanta idirnáisiúnta a aistriú go córas nua faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2026.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe go léir laistigh den Bhinse, comhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, san Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta, in earnáil na ngníomhaireachtaí stáit agus i ngairm an dlí as a gcomhoibriú agus a dtacaíocht i rith na bliana.



Hilkka Becker

Hilkka Becker
Cathaoirleach

1. Réamhrá

In 2025, rinneadh 13,160 iarratas céadchéime ar chosaint idirnáisiúnta in Éirinn ar an iomlán, i gcomparáid le 18,561 in 2024: is ionann sin agus laghdú díreach faoi bhun 30%. In ainneoin an laghdaithe shuntasáigh sin, bhí an figiúr fós ard de réir na gcaighdeán stairiúil – ba é an figiúr bliantúil iomlán in 2024 an figiúr bliantúil ab airde riamh, agus ba é an figiúr in 2023 an dara figiúr ab airde riamh (13,277 iarratas). Tagann an treocht in Éirinn maidir le laghdú ar iarratais chéadchéime le treocht níos leithne san Eoraip ina raibh leibhéal comhchosúil laghdaithe in iarratais anuraidh ar fud an Aontais + ón mbuaicbhliain (le déanaí) in 2023.

In ainneoin maolú ar líon na n-iarratas ó phointe tosaigh thar a bheith ard, bhí líon an-ard achomharc idir lámha ag an mBinse ag tús na bliana agus fuair sé 15,334 achomharc eile i rith na bliana, agus ag deireadh na bliana 2025 bhí 18,864 achomharc ar feitheamh os a chomhair.

Agus a acmhainní á n-uasmhéadú aige agus éifeachtúlacht bhreise á baint amach aige, áfach, chríochnaigh an Binse an líon ab airde achomharc in 2025: 6,254, an líon ab airde ó bunaíodh an Binse in 2016. Is méadú faoi dhó é sin ar fhigiúr na bliana roimhe sin.

Tá an Binse tiomanta dá aschur a mhéadú tuilleadh, ag brath ar acmhainní leordhóthanacha a bheith ar fáil dó. Chun cuidiú leis an sprioc sin a bhaint amach, i mí Lúnasa agus i mí Dheireadh Fómhair na bliana 2025, fuair 59 Comhalta Binse nuacheaptha oiliúint ionduchtaithe agus tacaíochtaí piarfhoghlama, rud a chuir ar a gcumas obair a dhéanamh don Bhinse ar bharr a gcumais in 2026. Lena chois sin, cheap an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce 3 Chomhalta nua eile agus tugadh isteach iad i mí Eanáir 2026, rud a fhágann go bhfuil 142 Comhalta páirtaimseartha agus 9 gComhalta lánaimseartha ar an iomlán ar an mBinse.

Déanfar athchóiriú ar an gcóras cosanta idirnáisiúnta in 2026 agus le bunú an Bhinse nua Achomharc um Thearmann agus um Fhilleadh (TARA), beidh gá achomhairc a bhaineann le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta arna ndéanamh in Éirinn ar an 12 Meitheamh 2026 nó ina dhiaidh sin a chur faoi bhráid TARA. Tá sé tuartha, áfach, go mbeidh thart ar 30,000 i gceist le líon cásanna foriomlán an Bhinse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta a mbeidh air déileáil leo sula gcuirfear deireadh leis de réir a chéile idir na hachomhairc atá ar feitheamh faoi láthair os comhair an Bhinse agus na hiarratais atá ar feitheamh agus á gcur faoi bhráid na hOifige um Chosaint Idirnáisiúnta ar an 11 Meitheamh 2026 nó roimhe.

Leanann an Binse le dul i mbun oibre le comhghleacaithe i bhFoireann Ullmhachta Achomharc an Chomhshocráithe sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, i gcomhthéacs chur chun feidhme Chomhshocrú Nua AE maidir le hImirce agus Tearmann, chun tacú le forbairt córas agus nósanna imeachta nua a cheanglaítear faoin gComhshocrú agus d'éascaigh sé tionscadal achomhairc idirthréimhseach faoina próiseáladh cohórt achomharc laistigh d'achair ama níos fearr.

Cé gur rinneadh obair an Bhinse in 2025 i gcomhthéacs éileamh suntasach ar acmhainní ar fud an chórais um chosaint idirnáisiúnta, coinníodh béim chomhsheasmhach ar cheartas a sholáthar ar bhealach cóir, comhsheasmhach agus tráthúil. Léirítear é sin sa ráta réasúnta íseal athbhreithnithe breithiúnacha a rinneadh i gcoinne chinntí an Bhinse de 5.5%, arb é sin laghdú ó 7.4% sa bhliain roimhe sin. Léirítear leis an laghdú ar an ráta athbhreithnithe breithiúnacha, in ainneoin an mhéadaithe shuntasáigh ar líon na gcinntí a eisíodh agus na n-achomharc a críochnaíodh i rith na bliana, gur éirigh leis an mBinse cáilíocht agus stóinseacht

a chinnteoireachta a choinneáil, nó fiú a mhéadú, agus a aschur á mhéadú faoi dhó aige. Is é is cúis leis sin i bpáirt ardchaighdeán na dian-oiliúna a chuirtear ar fáil do Chomhaltaí nua agus reatha an Bhinse, iniúchtaí cáilíochta gan ainm rialta ar chinntí an Bhinse, a dhéantar le cúnaimh ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR), an monatóireacht chórasach ar athbhreithnithe breithiúnacha i gcoinne chinntí an Bhinse agus, den chuid is mó, mar gheall ar an ardleibhéal tiomantais agus díchill a thugann Comhaltaí an Bhinse.

Cuidíodh go mór le béim leanúnach an Bhinse ar cháilíocht agus ar éifeachtúlacht i rith 2025 nuair a bunaíodh Aonad Taighde Dlí. Tháinig beirt thaighdeoirí sinsearachta dlí agus taighdeoir dlí amháin isteach sa Bhinse i rith na bliana, agus a saineolas agus a dtáithí ghairmiúil shuntasach á dtabhairt leo. Le cruthú an Aonaid sin, neartaíodh cumas taighde dlí agus bainistíochta eolais an Bhinse agus tacaíodh tuilleadh le comhsheasmhacht agus cáilíocht na cinnteoireachta ar fud na heagraíochta.

I gcaitheamh na bliana, lean an Binse le húsáid fhairsing a bhaint as cianteicneolaíocht fuaiméise le haghaidh éisteachtaí, cleachtas a forbraíodh mar fhreagairt do phaindéim Covid-19 atá fós ag spreagadh éifeachtúlachta. Ag an am céanna, bhí dúshlán fós le sárú ag an mBinse i ndáil leis an líon mór éisteachtaí a cuireadh siar, a eascraíonn as cúiseanna éagsúla le linn an phróisis achomhairc. Chuidigh an méadú ar líon Chomhaltaí an Bhinse in 2025 leis an mBinse achomhairc a athshannadh más gá chun cosc a chur ar mhoilleanna is féidir a sheachaint.

Trína rannpháirtíocht leanúnach le Líonra Cúirteanna agus Binsí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), bhí an Binse ábalta tús a chur le hiarratas ar thacaíochtaí oibríochtúla a chur ar fáil don Bhinse. Bunaithe ar an bPlean Oibríochtúil a comhaontaíodh ina dhiaidh sin idir EUAA agus Éire, gheobhaidh an Binse suas le 30 saineolaí a thacóidh le hobair an Bhinse, trí chomhaid achomhairc a ullmhú, taighde a dhéanamh ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh agus ar dhlí-eolaíocht um chosaint idirnáisiúnta, agus ateangaireacht a sholáthar i dteangacha atá deacair a fháil.

Tá baint ghníomhach ag Cathaoirleach an Bhinse, Leas-Chathaoirleach agus Comhaltaí an Bhinse le líonraí cúirteanna agus binsí idirnáisiúnta agus de chuid an Aontais Eorpaigh, amhail Comhlachas Idirnáisiúnta na nDídeanaithe agus na mBreithiúna Imirce (IARMJ) agus díorma saineolaithe breithiúnacha Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), agus cuireann siad go mór le ceardlanna forbartha gairmiúla agus painéil saineolaithe a eagraíonn an Ghníomhaireacht. Feidhmíonn Cathaoirleach an Bhinse mar phointe teagmhála náisiúnta do Líonra Cúirteanna agus Binsí an EUAA ó gach tír AE+, chomh maith leis na príomhpháirtithe leasmhara seo a leanas: Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, comhlachais bhreithiúnacha idirnáisiúnta agus Eorpacha: an IARMJ agus Comhlachas na mBreithiúna Riaracháin Eorpacha, agus páirtithe leasmhara eile, amhail an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach, Acadamh an Dlí Eorpaigh, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, agus Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe.

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, leagtar amach obair an Bhinse i rith 2025, tugtar nuashonruithe ar a chaighdeán agus a chleachtais agus soláthraítear tuarascáil mhionsonraithe ar bhearta chun éifeachtúlacht a fheabhsú tuilleadh agus cáilíocht agus comhsheasmhacht na cinnteoireachta á bhfeabhsú agus á gcoinneáil. Soláthraítear sa tuarascáil faisnéis mhionsonraithe faoi leibhéal riaracháin agus foirne an Bhinse, tuarascáil airgeadais agus, thar aon ní eile, staidreamh mionsonraithe a bhaineann le gach gné de phróiseáil agus de chríochnú achomhairc.

Sracfhéachaint ar an mBinse in 2025



2. Maidir leis an mBinse

2.1. Bunú agus Dlíne

Rinne Cuid 10 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 ('Acht 2015' anseo feasta) foráil do bhunú an Bhinse mar chomhlacht achomharcach a sholáthródh leigheas éifeachtach d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i leith moltaí diúltacha ó oifigigh chosanta idirnáisiúnta. Tá feidhmeanna Chomhaltaí agus fhoireann an Bhinse leagtha amach freisin i gCuid 10 d'Acht 2015.

Leagtar amach in Acht 2015, go háirithe Codanna 2, 3 (arna leasú), 4 agus 6, na rialacha dlí éagsúla a n-oibríonn an Binse laistigh díobh agus é ag déileáil leis na hachomhairc arb é an príomhábhar inní é. Forlíontar na rialacha dlí seo leis na Rialacháin um Chóras Bhaile Átha Cliath 2018 maidir le hachomhairc maidir le cinntí aistrithe arna ndéanamh ag oifigeach cosanta idirnáisiúnta.

Tá na Rialacháin um Dhálaí Glactha 2018 curtha le sainordú dlínsiúil an Bhinse freisin, faoina bhfuil an Binse ina údarás breithiúnach chun achomhairc a chinneadh ó chinntí a dhéanann oifigigh na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus na Roinne Coimirce Sóisialaí, nó na Roinne Leanaí, Míchumais, Comhionannais, Lánpháirtíochta agus Óige, de réir mar a bheidh.



Ar an iomlán, is é sainordú reachtaíochta reatha an Bhinse ná achomhairc ó chinntí céadchéime a chinneadh maidir le:

- Cosaint idirnáisiúnta – stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach;
- Neamh-inghlacthacht iarratais ar chosaint idirnáisiúnta;
- Toiliú chun iarratas a dhéanamh ina dhiaidh sin ar chosaint idirnáisiúnta;
- Cinntí aistrithe faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Córas Bhaile Átha Cliath) 2018; agus
- Dálaí glactha sa phróiseas cosanta idirnáisiúnta, lena n-áirítear rochtain ar an margadh saothair

2.2. Ról an Bhinse in Imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh

Ag tabhairt dá aire go bhfuil an Binse neamhspleách go reachtúil i bhfeidhmiú a fheidhmeanna uile, de bhun alt 61 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 (arna leasú), agus ag tabhairt dá aire gurb é an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce an *legitimus contradictor* in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a chuireann i gcoinne chinntí an Bhinse, tá Cathaoirleach an Bhinse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta tar éis a iarraidh ar Iarratasóirí atá páirteach sna himeachtaí sin na pléadálacha uile maidir le gach imeacht athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina n-ainmnítear an Binse mar fhreagróir nó mar pháirtí fógra a sheirbheáil go díreach, astu féin agus go neamhspleách ar an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.

Agus a sheasamh mar ‘cúirt nó binse’ i ndlí an Aontais Eorpaigh á léiriú aige, is gnách nach nglacfaidh an Binse páirt in imeachtaí lena gcuirtear i gcoinne a chinntí, ach féadfaidh sé a chinneadh déanamh amhlaidh, go háirithe, i gcás ina mbainfeadh imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh le líomhain *mala fides* nó iompar míchuí pearsanta eile ar thaobh rannáin den Bhinse nó agóid in aghaidh nósanna imeachta arna nglacadh ag institiúid an Bhinse.

Tá feidhm ag na socruithe ó mhí Eanáir 2026 i leith agus leagtar amach iad i **Nóta Cleachtas Riaracháin** an Bhinse.

2.3. Comhaltas an Bhinse

In 2025, bhí Comhaltas an Bhinse comhdhéanta de:

- an Cathaoirleach, Hilka Becker;
- beirt Leas-Chathaoirleach, Cindy Carroll¹ agus Shauna Gillan;

agus líon iomlán de 9 gComhalta lánaimseartha², agus 152 Comhalta páirtaimseartha i rith na bliana. Tá na comhaltaí deiridh fostaithe ar chonarthaí le haghaidh seirbhísí don Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus tá an Cathaoirleach, na Leas-Chathaoirleach agus na Comhaltaí lánaimseartha fostaithe ar chonarthaí seirbhíse. Ceaptar Comhaltaí uile an Bhinse ar feadh téarma tosaigh cúig bliana agus féadfar iad a athcheapadh ar feadh an dara téarma nach faide ná cúig bliana. Breithníonn Gnáthchomhaltaí an Bhinse achomhairc agus déanann siad cinntí maidir leis na hábhair éagsúla a thagann os comhair an Bhinse.

¹ Ó mhí Iúil 2025 i leith, ar chead neamhláithreachta ón mBinse.

² Ó mhí Iúil 2025, sannadh ról Leas-Chathaoirleach Ghníomhacha an Bhinse do bheirt Chomhalta lánaimseartha.

Ceapann an tAire Dlí agus Cirt na Comhaltaí go léir de bhun alt 62 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015, bunaithe ar roghnú na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, tar éis comórtas a reáchtáil faoi alt 47 de na hAchtanna um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin). Cinntíonn an próiseas seo go bhfuil na scileanna agus an saineolas riachtanach ag Comhaltaí maidir le cosaint idirnáisiúnta agus dlí chearta an duine, agus cinnteoireacht.

Faigheann na Comhaltaí go léir oiliúint ionduchtúcháin fhairsing nuair a chéadcheaptar iad agus déanann siad go léir oiliúint rialta forbartha gairmiúla i rith na bliana mar a leagtar amach go mion thíos sa tuarascáil seo.

Tá sé de chúram ar Chathaoirleach an Bhinse a chinntiú go gcomhlíontar feidhmeanna an Bhinse go héifeachtach agus go ndéileáiltear leis an ngnó a shanntar do gach Comhalta chomh tapa agus is féidir i gcomhréir le cothroime agus ceartas nádúrtha. Chomh maith le cinnteoireacht, ceanglaítear ar na Comhaltaí lánaimseartha réimse cúraimí eile a dhéanamh, de réir mar a ordóidh Cathaoirleach an Bhinse.

Chomh maith leis an gCathaoirleach agus beirt Leas-Chathaoirleach, bhí 9 gComhalta lánaimseartha agus 152 Comhalta páirtaimseartha ag an mBinse i rith na bliana. D'ímigh 12 Chomhalta ón mBinse agus ceapadh 67 Comhalta nua páirtaimseartha in 2025. Ar an 31 Nollaig 2025, bhí Cathaoirleach, 2 Leas-Chathaoirleach, 9 gComhalta lánaimseartha agus 141 Comhalta páirtaimseartha ag an mBinse.

3. Caighdeán agus Cleachtais an Bhinse

3.1. Ráiteas Straitéise an Bhinse 2024-2026

Tá ráiteas straitéise an Bhinse do 2024-2026 ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhinse www.protectionappeals.ie



Don bhliain 2025, ba é misean an Bhinse fós leigheas éifeachtach a sholáthar laistigh den chóras cosanta idirnáisiúnta atá ar an gcaighdeán is airde agus é sin a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtaí, is inbhuanaithe agus is dírithe ar an úsáideoir, agus a chinntiú go gcloítear le dlí náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta.

Agus chuige sin, dhírigh an Binse ar na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas i rith na bliana:

1. **Cáilíocht agus comhsheasmhacht na cinnteoireachta a chinntiú**
2. **Éifeachtúlacht na próiseála achomhairc a bharrfheabhsú**
3. **Seirbhís achomhairc atá dírithe ar an úsáideoir a sholáthar**
4. **Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach le húsáideoirí seirbhíse agus le páirtithe leasmhara eile**
5. **Sineirgí an Bhinse ar fud an éiceachórais cosanta idirnáisiúnta a spreagadh agus a neartú**

3.2. Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí

Tá oiliúint curtha i gcrích ag gach comhalta foirne ar Dhualgas Earnála Poiblí an Bhinse faoin Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Chomh maith leis sin, rinneadh tuilleadh oiliúna trí shraith seimineár gréasáin a chuir Aonad um Dhualgas Oiliúna na hEarnála Poiblí IHREC ar fáil, ar fhreastail baill foirne orthu i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2025.

De bhua a ról maidir le leigheas éifeachtach a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, tá ceisteanna maidir le cearta an duine lárnach in obair an Bhinse. Ina Ráiteas Straitéise do 2024-2026, dearbhaíonn an Binse a thiomantas do phrionsabail na cothroime, na trédhearcachta, na héifeachtúlachta agus an mheasa. Ós rud é gur státseirbhísigh iad foireann an Bhinse, tugann an Binse aird chuí ar Straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe na Roinne Dlí agus Cirt agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige.

Tá polasaí PSD an Bhinse ar fáil ar a [shuíomh gréasáin](#).

3.3. Nóta Cleachtais Riaracháin

D'fhonn trédhearcacht obair an Bhinse a mhéadú agus é a dhéanamh níos inrochtana dá chustaiméirí, tá Nóta Cleachtais Riaracháin foilsithe ag an mBinse, atá ar fáil ar [shuíomh Gréasáin](#) an Bhinse, agus a nuashonraítear ar bhonn rialta chun athruithe ábhartha sa reachtaíocht agus sa chleachtas a léiriú.

Foilsíodh an [Nóta Cleachtais Riaracháin](#) (APN) is déanaí i mí Feabhra 2026 agus moltar d'achomharcóirí, a n-ionadaithe dlí agus a n-oifigigh tíolachta iad féin a choinneáil ar an eolas faoi aon athruithe, a dtabharfar faoi deara sa rannán 'Nuacht' de [shuíomh gréasáin](#) an Bhinse.

Tríd an APN seo a leagan amach, tá an Binse ag súil go mbeidh gach páirtí a thagann os comhair an Bhinse ar an eolas faoina nósanna imeachta. Ba cheart go mbeadh a fhios ag gach páirtí a thagann os comhair an Bhinse go bhféadfadh moill neamhriachtanach a bheith mar thoradh ar mhainneachtain forálacha an APN a chomhlíonadh maidir le hachomhairc a phróiseáil agus a chinneadh, agus féadfar é a mheas mar mhainneachtain comhoibriú de réir bhrí ailt 27 agus 45 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015.

De réir luachanna an Bhinse mar atá leagtha amach ina Ráiteas Straitéise 2024-2026, tá an Binse tiomanta caitheamh le gach páirtí a thagann os a chomhair le meas, dínit agus tuiscint. Bíonn an Binse ag súil leis na caighdeáin chéanna iompair ó gach páirtí a thagann os a chomhair.

Faoi chiorclán 25/2016, [Prótacal maidir le Faisnéis a Sholáthar do Chomhaltaí an Oireachtais ag Comhlachtaí Stáit faoi choimirce Ranna/Oifigí an Rialtais](#), tá sé de cheangal ar an mBinse seoladh ríomhphoist tiomnaithe a sholáthar agus a choinneáil do chomhaltaí an Oireachtais. Coinníonn an Binse bosca ríomhphoist tiomnaithe (oireachtas@protectionappeals.ie) le haghaidh comhfhreagras ó chomhaltaí tofa agus déantar monatóireacht laethúil ar an mbosca ríomhphoist sin. Tugtar freagraí go pras agus laistigh de 3 lá oibre ar a dhéanaí. Nuair nach féidir freagra láithreach a thabhairt ar shaincheist, cuirfear an comhalta tofa ar an eolas faoi agus eiseofar freagra substainteach laistigh de 15 lá oibre. Sa bhliain 2025, fuair an Binse 13 shaincheist san iomlán ó chomhaltaí aonair an Oireachtais.

4. Cáilíocht agus Comhsheasmhacht na Cinnteoireachta

4.1. Oiliúint ag an mBinse

Tá oiliúint Chomhaltaí an Bhinse ríthábhachtach sa Bhinse. Cuirtear oiliúint ar fáil ar bhonn foirmiúil trí sheisiúin oiliúna tiomnaithe ina bhfuil daoine i láthair go pearsanta agus ar bhonn neamhfhoirmiúil trí chruinnithe ‘Lón agus Foghlaim’ a reáchtáiltear ar líne chun go mbeidh sé níos éasca don oiread Comhaltaí agus is féidir freastal orthu.

Chomh maith leis an ngnáth-oiliúint inmheánach do Chomhaltaí, reáchtáladh oiliúint ionduchtaithe do Chomhaltaí nua, agus tá sonraí na seisiún oiliúna ar fad leagtha amach thíos. Bhí deis ag Comhaltaí an Bhinse freisin leas a bhaint as oiliúint sheachtrach a chuir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB) agus Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) ar fáil.

Tá roinnt Comhaltaí den Bhinse ina mbaill de Bhuíon Saineolaithe Breithiúnacha EUAA freisin, agus cuireann siadsan oiliúint ar fáil dá gcomhghleacaithe freisin. Tá saineolaithe breithiúnacha ó níos mó ná 16 thír AE sa bhuíon agus léiríonn sé éagsúlacht na gcomhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí atá ag obair i réimse na cosanta idirnáisiúnta, ó gach leibhéal na mbreithiúna.³

Comhlacht coláisteach is ea an Binse agus bhain Comhaltaí nua an Bhinse leas suntasach as meantóireacht a fuair siad ó Chomhaltaí ag a bhfuil níos mó taithí. Roinn na meantóirí léargas ar dhea-chleachtas in éisteachtaí ó bhéal agus i gcinntí scríofa.

Eisíonn an Binse iris inmheánach, Ráitheachán an Bhinse, chuig na Comhaltaí go léir freisin. Cuimsíonn an iris ailt ó Chomhaltaí an Bhinse, nuashonruithe ar fhaisnéis tíre agus achoimre ar chásdlí ó Uaschúirteanna na hÉireann, ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine, agus breithiúnais ábhartha ó chúirteanna Ballstát eile agus an RA. Tá an Coiste Eagarthóireachta comhdhéanta faoi láthair de Chomhaltaí Binse páirtaimseartha amháin, Príomhoifigeach Cúnta amháin, beirt Oifigeach Riaracháin, an bheirt Leas-Chathaoirleach Gníomhacha agus beirt Thaighdeoirí Sinsearachá Dlí.

Oiliúint Ionduchtúcháin do Chomhaltaí Nua

D’fhreastail beirt Chomhaltaí lánaimseartha nua ar an Oiliúint Ionduchtaithe i mí Eanáir. Ba iad an Leas-Chathaoirleach Cindy Carroll agus an Cathaoirleach Hilka Becker a chuir an oiliúint sin ar fáil, agus chuir UNHCR modúl amháin ar fáil.

I ndiaidh comórtais earcaíochta do Chomhaltaí an Bhinse, d’fhreastail 59 Comhaltaí nuacheaptha ar oiliúint ionduchtaithe ceithre lá, a cuireadh ar fáil i mí Lúnasa agus a chuirfear ar fáil arís i mí Dheireadh Fómhair. Bhí an Leas-Chathaoirleach Gníomhach John Buckley i gceannas ar na seisiúin ionduchtaithe sin. Chuir an Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach Gníomhach eile, agus Comhaltaí eile den Bhinse atá ina gcuid de Bhuíon Saineolaithe

³ <https://www.euaa.europa.eu/asylum-knowledge/courts-and-tribunals#section185-5>

Breithiúnacha EUAA modúil oiliúna ar fáil freisin. Thug baill de riarachán an Bhinse cuir i láthair ar chúrsaí praiticiúla agus nósanna imeachta. Ina theannta sin, roinn painéal ina raibh Comhaltaí páirtaimseartha agus lánaimseartha dearcthaí maidir leis an ról agus d'fhreagair siad ceisteanna ó rannpháirtithe. Ghlac ionadaithe ó UNHCR páirt sa dá sheisiún ionductaithe.

D'fhreastail sé shaineolaí ó EUAA, a cuireadh chuig an mBinse chun tacaíocht oibríochtúil a sholáthar, ar an oiliúint ionductaithe i mí Dheireadh Fómhair freisin. Bhain pearsanra EUAA leas as oiliúint ar líne freisin maidir le córas dlí na hÉireann a sholáthair beirt Thaighdeoirí Sinsearacha Dlí an Bhinse.

Áiríodh leis an oiliúint a soláthraíodh in 2025 ábhair ar nós:

- Sainmhíniú ar Dhídeanaí;
- Forálacha an Achta um Chosaint Idirnáisiúnta 2015;
- Náisiúntacht / Gan stát;
- Fíorais ábhartha a shainaithint;
- Measúnú ar chreidiúnacht;
- An bhrí atá le heagla a mbíonn údar maith léi;
- Nasc an Choinbhinsiúin (cine, reiligiún, náisiúntacht, tuairim pholaitiúil, ballraíocht i ngrúpa sóisialta ar leith);
- Caighdeán cruthúnais;
- Géarleanúint;
- Dochar tromchúiseach;
- Measúnú ar dhoiciméid, deimhniú árachais, tuarascálacha leighis;
- Cosaint an Stáit;
- Rogha eile cosanta inmheánach;
- Eisiámh;
- Breitheamh-ceard;
- Ullmhúchán comhaid;
- Scríobh cinntí;
- Déileáil le hiarratasóirí ó thíortha sábháilte tionscnaimh;
- Measúnú ar fhianaise;
- Comhaid gan pháipéar;
- Achomhairc a sceidealú;
- Achomhairc pháipéarbhunaithe i gcás ina bhfuil na hachomharcóirí ó thíortha sábháilte tionscnaimh;
- Béasaíocht seomra éisteachta;
- Cinnteoireacht éifeachtach;
- Anailís Creidiúnachta;
- Acmhainní Comhaltaí;
- Ag Obair le hAteangairí (arna soláthar ag UNHCR);
- Achomhairc i gcoinne diúltú Cead Rochtana ar an Margadh Saothair faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dálaí Glactha) 2018–2021;

- Achomhairc de bhun Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Córas Bhaile Átha Cliath) 2018;
- Achomhairc de bhun alt 21 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015.

4.2. Cruinniú Reachtúil den Bhinse

Tionóladh an dara Lá Oiliúna Éigeantach leathbhliantúil de chuid an Bhinse i gcomhar le Cruinniú Reachtúil bliantúil an Bhinse ar an 28 Samhain. Ba é an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, Jim O'Callaghan TD, príomhchainteoir Lá na hOiliúna. San iarnóin, i ndiaidh óráid an Aire, thug an Breitheamh Marie Baker (atá éirithe as) ón gCúirt Uachtarach eochairóráid.

Ag an gCruinniú Reachtúil, léirigh Cathaoirleach an Bhinse na forbairtí reatha agus phléigh sé pleanáil don bhliain 2026 agus ina dhiaidh sin, i bhfianaise chur chun feidhme Chomhshocrú an Aontais Eorpaigh maidir le hImirce agus Tearmann atá le teacht. Sholáthair Cláraritheoir an Bhinse staidreamh agus sonraí i leith 2025 agus phléigh sé an méadú ar aschur ón mBinse in 2025, agus an líon achomharc ab airde riamh á chinneadh ag an mBinse in 2025. Pléadh torthaí Iniúchadh Cáilíochta an Bhinse, athbhreithniú ar oiliúint in 2025, mar aon le hoiliúint atá beartaithe do 2026 ag an gcruinniú freisin.

4.3. Córas Iniúchóireachta Cáilíochta

Tá córas Iniúchóireachta Cáilíochta i bhfeidhm ag an mBinse ó bhí 2017 ann, agus déanann athbhreithneoirí inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear UNHCR, athbhreithnithe gach ráithe. Is é cuspóir an iniúchta aon riachtanais oiliúna nó chórasacha a shainaithint d'fhonn cinntí ardchaighdeáin agus láidre ó thaobh an dlí de a choinneáil ar bun. Déantar an tsampláil randamach ar chinntí an Bhinse a anaithnidiú, agus úsáideann na hathbhreithneoirí sraith critéir choiteanna. Féachtar leis na critéir oibiachtúla le gach cinneadh a mheas i gcomhréir le treoirlínte inmheánacha, agus i gcomhréir leis an dlí-eolaíocht ó hUaschúrteanna na hÉireann agus ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus leis an gcreat reachtaíochta. Breithnítear torthaí na hiniúchóireachta, agus aon riachtanais oiliúna nó athruithe nós imeachta riachtanacha á gcomhlíonadh, agus cuirtear i láthair Chomhaltaí an Bhinse iad ag laethanta oiliúna i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna. Roinntear na torthaí freisin leis na hathbhreithneoirí seachtracha ón UNHCR.

4.4. Treoirlínte an Chathaoirligh a Eisiódh in 2025

Féadfaidh Cathaoirleach an Bhinse treoirlínte a eisiúint do Chomhaltaí an Bhinse maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil agus oibriú fhorálacha nó aon fhorála ar leith de Chuid 10 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 agus maidir le forbairtí sa dlí a bhaineann le cosaint idirnáisiúnta.

Ina theannta sin, féadfaidh an Cathaoirleach treoirlínte a eisiúint do Chláraritheoir an Bhinse chun críche feidhmeanna an Chláraritheora. Tá sé mar aidhm ag gach Treoir don Chathaoirleach Acht agus Rialacháin 2015 a fhorlíonadh agus gan iad a athsholáthar.

I gcás coinbhleachta, beidh tosaíocht ag forálacha an Achta nó an Rialacháin ábhartha ar na Treoirlínte agus ba cheart iad a léamh in éineacht leis na dualgais atá leagtha amach san Acht agus le reachtaíocht, treoirlínte, cóid, beartais nó rialacha eile is infheidhme maidir le hiompar Chomhaltaí an Bhinse.

In 2025, eisíodh trí Threoirlíne:

Treoirlíne 2025/2 ón gCathaoirleach maidir le Fianaise Leighis agus Tuairiscí Díli-Liachta

Cuirtear bonn eolais faoin Treoirlíne go príomha le Prótacal Iostanbúl,⁴ Lámhleabhar ar Nósanna Imeachta agus Critéir chun Stádas Dídeanaí a Chinneadh agus Treoirlínte maidir le Cosaint Idirnáisiúnta⁵ de chuid UNHCR, agus Treoirlínte Chumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Díli um Dhídeanaithe maidir leis an gCur Chuige Breithiúnach i leith Fianaise Leighis ó shaineolaithe,⁶ Anailís Bhreithiúnach EUAA ar 'Measúnú fianaise agus creidiúnachta i gcomhthéacs an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn',⁷ Tuarascáil maidir le Mapáil EUAA ar Íospartaigh na Céastóireachta – Aitheantas, tacaíocht agus scrúdú iarratas,⁸ cásdlí, agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Aithnítear go hidirnáisiúnta luach fianaise leighis ó shaineolaithe i gcinneadh maidir le cosaint idirnáisiúnta. Ina cásdlí, rialaigh Cúirt Eorpach um Chearta an Duine gur féidir le fianaise leighis ó shaineolaithe a bheith luachmhar chun a chinneadh

- (i) ar tharla cásanna géarleanúna san am atá thart, agus
- (ii) an riosca féideartha a bhaineann le duine a chur ar ais chuig a dtír thionscnaimh.

Tá luach fianaise leighis ó shaineolaithe agus maíomh i leith céastóireachta á mheasúnú aitheanta ag Coiste na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta agus ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) freisin.

Foráiltear le dlí an Aontais Eorpaigh agus reachtaíocht intíre go measfar fianaise ar ghéarleanúint san am atá thart mar "thásc tromchúiseach" ar eagla Achomharcóra a bhfuil údar maith léi roimh ghéarleanúint chun críche stádais dídeanaí a chinneadh.⁹

Chun go mbreithneofar an tAchomharc in am agus i dtráth, ba cheart don Achomharcóir, más gá, iarracht a dhéanamh Tuairisc Díli-Liachta a fháil a luaithe is féidir.

Sonraítear i bPrótacal Iostanbúl "nár cheart easpa fianaise fhisiceach den sórt sin a léirmhíniú go dtugann sé le fios nár tharla céasadh ná drochíde, toisc nach bhfágtar lorg buan le gníomhartha foréigin den sórt sin in aghaidh daoine go minic". Mar an gcéanna, agus díobháil shíceolaíoch á breithniú, sonraítear i bPrótacal Iostanbúl "nach bhfaigheann gach duine a ndearnadh céasadh orthu tinneas meabhrach is féidir a dhiagnóisiú".

Treoirlíne Uimh. 2025/3 ón gCathaoirleach maidir le hAchomhairc ó Iarratasóirí Leanaí

Cuirtear bonn eolais faoin treoirlíne sin go príomha le 'Lámhleabhar agus Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta agus Critéir chun Stádas Dídeanaí a Chinneadh' de chuid UNHCR, 'Treoirlínte maidir le hÉilimh ar Thearmann Leanaí um Chosaint Idirnáisiúnta Uimh. 8 faoi Airteagail 1(A)2 agus 1(F) de Choinbhinsiún 1951 agus/nó de 'Prótacal 1967 a bhaineann le Stádas Dídeanaithe' arna eisiúint an 22 Nollaig 2009, chomh maith le 'Tuairimí Ginearálta Uimh. 12 (2009) ó Choiste na

⁴ "Prótacal Iostanbúl: Lámhleabhar maidir le himscrúdú agus Doiciméadú Éifeachtach ar Chéasadh agus ar Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach" Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine (eagrán 2022).

⁵ "Lámhleabhar ar Nósanna Imeachta agus Critéir chun Stádas Dídeanaí a Chinneadh agus Treoirlínte maidir le Cosaint Idirnáisiúnta", UNHCR (2019).

⁶ Treoirlínte Chumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Díli um Dhídeanaithe maidir leis an gCur Chuige Breithiúnach i leith Fianaise Leighis ó shaineolaithe, (Meitheamh 2010).

⁷ Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, Anailís bhreithiúnach, "Measúnú fianaise agus creidiúnachta i gcomhthéacs an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn", (2ú heagrán).

⁸ Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, Tuarascáil maidir le Mapáil, Íospartaigh na Céastóireachta – Sainaitheint, tacaíocht agus scrúdú éileamh', Márta 2023.

⁹ Treoir 2004/83/CE ón gComhairle, an 'Treoir Cháilitheachta', Airteagal 4(4); I.R. Uimh. 518 de 2006 Rialachán 5(2); I.R. Uimh. 426 de 2013 Rialachán 13 (2), Alt 28(6) den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015.

Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh maidir le ceart éisteachta an linbh' (lena leagtar béim ar an gceart atá ag gach Leanbh a dtuairimí a chur in iúl go héasca agus go mbreithneofar na tuairimí sin agus go dtabharfar aird chuí orthu de réir a n-aoise agus a n-aibíochta) agus 'Tuairim Ghinearálta Uimh. 14 (2013) maidir le ceart an Linbh go nglacfaí lena leas mar bhreithniúchán príomha' (lena leagtar béim ar go gcaithfear leas an Linbh a chur san áireamh agus cinntí á ndéanamh a théann i bhfeidhm ar Leanbh).

Breithníodh freisin 'An Treoir Oibríochtúil maidir le Gníomhaíochtaí an Chroíchláir um Chosaint Leanaí' de chuid UNHCR (Eanáir 2024), 'Treoir Phraiticiúil maidir le leas an linbh i nósanna imeachta tearmainn' de chuid EASO (2019), agus 'Treoirlínte Nós Imeachta um Leas an Linbh: Leasanna an Linbh a Mheas agus a Chinneadh' de chuid UNHCR (Bealtaine 2021).

Beidh leas an Linbh ina bhreithniúchán príomha ag an mBinse i rith na ndéileálacha uile a bhaineann le Leanbh, i ndáil leis an nós imeachta agus i ndáil le breithniúchán substainteach an achomhairc araon. Ní foláir go gcuirfear san áireamh go hiomlán sna breithniúcháin sin chomh maith inscne, gnéaschlaonadh, aois, leibhéal oideachais, aibíocht, náisiúntacht agus tógáil an Linbh chomh maith lena gcúlra eitneach, cultúrtha, sóisialta agus teanga, a leochaileacht ar leith, lena n-áirítear míchumas meabhrach nó coirp agus aon tréithe nó riachtanais ar leith eile, ar ar tarraingíodh aird an Bhinse roimh na himeachtaí nó lena linn. Ní mór an próiseas leanbhlárnach sin a chur chun feidhme ar bhonn leanúnach.

Nuair a bheidh achomhairc á gcinneadh ag an mBinse, ní mór gach gné de na sainmhínithe ar "dídeanaí" agus "duine a bhfuil cosaint choimhdeach de dhíth air" a mheas. Admhaíonn an Binse cuspóir na cosanta do Leanaí ar fhoréigean agus ar theacht i dtír a chuirfeadh ceart Linbh chun beatha, marthanais agus forbartha i mbaol i gcomhthéacs na sainmhínithe agus na gceanglas is gá a chomhlíonadh agus a chur i bhfeidhm chun stádas dídeanaí nó stádas duine a bhfuil cosaint choimhdeach de dhíth air a dhearbhu.

Ní mór cúram ar leith a thabhairt do leanaí, go háirithe leanaí nach bhfuil duine fásta in éineacht leo. Agus prionsabal an leasa atá leagtha amach in UNCRC á chur san áireamh, déileálfaidh an Binse le Leanaí ar dtús mar Leanaí, agus mar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ina dhiaidh sin.

Tá oibleagáid ar Bhallstáit AE leasanna an Linbh a mheas agus aird phríomhúil a thabhairt orthu i ngach gníomh a bhaineann le Leanaí. Tugann an Binse dá aire go gceanglaítear le hAirteagal 3 den UNCRC: "I ngach gníomh a bhaineann le leanaí, cíbe acu a dhéanann institiúidí leasa shóisialaigh poiblí nó príobháideacha, cúirteanna dlí, údaráis riaracháin nó comhlachtaí reachtacha, is é leas an linbh an phríomh-aithne" agus tugann sé dá aire freisin go bhfuil foráil shonrach maidir le Leanaí in Airteagal 42A de Bhunreacht na hÉireann..

Treoirlíne Uimh. 2025/1 ón gCathaoirleach maidir le hAchomhairc a Shannadh agus a Athshannadh ag an gCláraitheoir do Chomhaltaí an Bhinse

Agus achomhairc á sannadh do Chomhaltaí an Bhinse, is é an cuspóir sáráitheach a chinntiú go ndéanfar gnó an Bhinse a bhainistiú go héifeachtach agus go ndéanfar an gnó a shannfar do gach Comhalta a dhiúscairt chomh tapa agus is féidir i gcomhréir le cothroime agus le ceartas nádúrtha.

Faoi réir na n-ábhar atá leagtha amach i mír 2.1 agus i míreanna 3 go 7 den Treoirlíne, ba cheart don Chláraitheoir a dhícheall a dhéanamh, a mhéid is indéanta, achomhairc a shannadh agus a athshannadh go cothrom agus go comhréireach i measc na gComhaltaí.

Anuas air sin, cuirtear san áireamh sa Treoirlíne iarratais tosaíochta a fhaightear ón Aire Dlí

agus Cirt de bhun alt 73(1)(b) den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015.

Tá na Treoirlínte uile ón gCathaoirleach ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhinse.

4.5. Monatóireacht ar Athbhreithnithe Breithiúnacha

I ndiaidh comhairle a fháil ón Ard-Aighne in 2016, aithníodh gur cheart don Bhinse, mar chomhlacht reachtúil neamhspleách a chomhlíonann feidhmeanna gar-bhreithiúnacha, na prionsabail dlí chéanna leis na prionsabail a bhaineann le breitheamh den Chúirt Dúiche a mhealladh, agus a luaithe a bheidh cinneadh déanta ag an mBinse, beidh sé *functus officio* agus ní bheidh aon pháirt aige lena chinneadh a chosaint nó tacú leis in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina dhiaidh sin. Leagtar an bonn cirt le cinneadh an Bhinse sa chinneadh féin. Nuair a bheidh an fheidhm a bhaineann le cinneadh réasúnaithe a thabhairt comhlíonta ag Comhalta den Bhinse, ní bheidh aon fheidhm eile aige nó aici, agus d'fhéadfaí a fheiceáil go gcaitheann sé amhras ar neamhspleáchas an Bhinse féachaint le seasamh lena chinntí, dá ndéanfaí iad a cheistiú ina dhiaidh sin. Tá feidhm ag na prionsabail sin ar mhaithe le leas an phobail muintinn a chothú sna córais bhreithiúnacha agus i gcórais choibhéiseacha.

Is é an t-aon chineál imthosca nach bhféadfadh feidhm a bheith ag na prionsabail sin ina leith ná nuair a líomhnaítear go bhfuil *mala fides* ar thaobh Comhalta den Bhinse, nó ina ndéantar agóidí córasacha nós imeachta in éadan oibríochtaí an Bhinse. I ngach cás eile, tá feidhm ag an bprionsabal gurb é an páirtí a bhfuil ordú déanta chun a leasa an *legitimus contradictor* in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina gceistítear ordú cúirte íochtair nó a comhionann. In imthosca Bhinse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta, is é an tAire an páirtí a bhfuil leas aige nó aici sa mholadh nó sa chinneadh agus mar sin bheadh seisean nó ise ina *legitimus contradictor*.

Cloíonn an Binse go dlúth leis na forbairtí sna hUaschúirteanna maidir le hathbhreithnithe breithiúnacha ar a chuid cinntí. Cé acu an seasann an Chúirt le cinneadh an Bhinse nó an gcuireann sé ar neamhní é, féachann an Binse le dlí-eolaíocht na nUaschúirteanna a chur chun feidhme ina threoir dá Chomhaltaí agus san oiliúint ar a Chomhaltaí. Áirítear iad seo a leanas ar na bealaí an ndéanann an Binse é sin:

- Achoimrí soiléire ar an bpríomhléargas ón dlí-eolaíocht, agus iad curtha i láthair go córasach in Athbhreithnithe Ráithiúla ar mhaithe le Comhaltaí an Bhinse.
- Cur chun feidhme sna Treoirlínte ón gCathaoirleach de bhun alt 63(2) maidir le forbairtí ar an dlí um chosaint idirnáisiúnta.
- Athbhreithniú agus nuashonrú ar an treoir agus ar na hábhair oiliúna a úsáidtear d'fhorbairt ghairmiúil Chomhaltaí an Bhinse.
- Athbhreithniú agus nuashonrú ar na teimpléid chinnteoireachta atá ar fáil do Chomhaltaí an Bhinse.
- An oiliúint a chuirtear ar fáil do Chomhaltaí an Bhinse go himmheánach a chinneadh agus a mhúnlú.
- An oiliúint sheachtrach a bhaineann le Comhaltaí an Bhinse a chinneadh.
- Ceardlanna, pléghrúpaí agus seisiúin 'Lón agus Foghlaim' ar ábhair a eascraíonn as an gcásdlí a óstáil.
- Nuashonruithe ar ghlancheisteanna áirithe ó chásdlí agus ó thuairimí an abhcóide.

- Athbhreithniú agus nuashonrú ar na hábhair iniúchóireachta ardcháilíochta a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar chinntí Chomhaltaí an Bhinse chun ábhair nach mór feabhas leanúnach a chur orthu a shainaithint.

I rith 2020, rinne an Binse an fhaisnéis go léir a bhí ar fáil dó maidir le dlíthíocht in aghaidh an Bhinse ó tháinig sé i bhfeidhm an 31 Nollaig 2016 a chomhdhlúthú agus a ordú. Leanadh leis an tionscadal bainistíochta eolais sin in 2025 agus is féidir leis an mBinse monatóireacht chórasach a dhéanamh ar an dlíthíocht ábhartha sna hUaschúirteanna d'fhonn cáilíocht agus éifeachtúlacht a chinnteoireachta a fheabhsú tuilleadh dá bharr sin.

In 2025, rinneadh agóid i gcoinne 5.5%¹⁰ de chinntí an Bhinse trí athbhreithniú breithiúnach. Ba é 6.4% ráta foriomlán chinntí an Bhinse a cuireadh ar neamhní faoi dheireadh na bliana 2025, agus ba é 2.2% an ráta socraíochtaí.¹¹

4.6 Tacaíochtaí Oibríochtúla EUAA

Chuaigh an méadú suntasach ar líon na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a taisceadh in Éirinn le roinnt blianta anuas, ag méadú ó 2,649 in 2021 go 18,561 in 2024, i gcion go suntasach ar an gcóras achomhairc, agus thart ar 18,864 achomharc ar feitheamh ag deireadh na bliana 2025 i gcomparáid le 851 ag deireadh na bliana 2022.

Mar thoradh ar mhéadú ar acmhainní sa phróiseas idirnáisiúnta ó cheann go ceann i rith 2025, tá méadú suntasach tagtha ar líon na moltaí agus na gcinntí atá á ndéanamh ag an údarás cinntitheach agus méadú dá bharr sin ar líon na gcásanna atá ag céim an achomhairc.

I mí Dheireadh Fómhair 2025, shínigh Éire Plean Oibríochtúil le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) a bhfuil sé mar aidhm leis cuidiú leis an mBinse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta (IPAT) an riaráiste achomharc a taisceadh i gcoinne cinntí céadchéime a phróiseáil.

Ba é an Binse a chuir tús leis an gcomhaontú sin le EUAA le haghaidh tuilleadh tacaíochtaí, ag leanúint an tsampla i gcúirteanna agus i mbinsí Ballstát eile, agus is rud breise é a bhfuil fáilte roimhe a chuirfidh dlús leis na hachair ama do chinntí sa Bhinse, rud a chuideoidh leis an líon atá ag méadú de chásanna achomhairc os a chomhair a laghdú.

Faoin gcomhaontú, féadfar suas le 30 ball foirne de chuid EUAA a thabhairt isteach chun tacú le hobair an Bhinse, lena n-áirítear trí chomhaid achomhairc a ullmhú, taighde a dhéanamh ar fhaisnéis faoi thíortha tionscnaimh agus ar dhlí-eolaíocht um chosaint idirnáisiúnta, agus ateangaireacht a sholáthar i dteangacha atá deacair a fhoinsiú. Ag deireadh na bliana 2025, bhí 6 shaineolaí tugtha isteach agus ghlac 5 shaineolaí eile páirt sa Bhinse i mí Feabhra 2026.

Beidh an plean bailí go dtí an 31 Nollaig 2026 agus cuirfear ar chumas an Bhinse leis an úsáid is fearr a bhaint as a chuid acmhainní agus struchtúir agus próisis nua a cheanglaítear faoin gComhshocrú á dtabhairt isteach.

¹⁰ As iomlán chinntí an Bhinse in 2025

¹¹ As iomlán chinntí an Bhinse ó bhí 2019 ann; bunaithe ar fhigiúirí cinntí agus athbhreithnithe breithiúnacha ón tseachtain dheireanach in 2025

II. Achoimre Fheidhmeach an Chláraitheora

Tá áthas orm Achoimre fheidhmeach an Chláraitheora le haghaidh 2025 a chur i láthair.

Bhí 9,705 achomharc ar feitheamh ag an mBinse ag tús na bliana 2025. Taisceadh 15,334 achomharc eile i rith 2025. Is méadú 74% é sin ar an 8,835 achomharc a taisceadh leis an mBinse in 2024. Chríochnaigh an Binse 6,254 achomharc in 2025. Is méadú os cionn 102% é sin ar líon iomlán na n-achomharc a críochnaíodh le haghaidh 2024, agus ba é sin 3,098. Bhí líon na n-achomharc a críochnaíodh in 2025 níos mó ná dhá oiread líon iomlán na n-achomharc a críochnaíodh in 2024 agus is é an líon ab airde achomharc a chríochnaigh an Binse ó bunaíodh é i mí na Nollag 2016. Ag deireadh na bliana 2025, bhí 18,864 achomharc ar feitheamh os comhair an Bhinse, arb é sin an líon ab airde achomharc ar feitheamh ag deireadh bliana agus is méadú 94% é ar líon iomlán na n-achomharc a bhí ar feitheamh ag deireadh na bliana 2024.

Tá an líon ab airde moltaí riamh a fuarthas in 2025 mar thoradh ar eisiúint lín shuntasach moltaí arna ndéanamh ag Oifigigh um Chosaint Idirnáisiúnta.

Chun leanúint le haghaidh a thabhairt ar na héilimh shuntasacha sin ar an mBinse, d'éirigh linn acmhainní breise a fháil don Bhinse chun níos mó achomharc a sholáthar ar bhealach tráthúil éifeachtach. Mhéadaigh na leibhéil foirne i riarachán an Bhinse ó 85 ball foirne ag deireadh 2024 go 98 ball foirne ar an 31 Nollaig 2025.

Chomh maith leis an líon ab airde achomharc críochnaithe a thairfeadh ó bunaíodh é, tá an Binse fós tiomanta d'fhorbairt foirne agus do dhul chun cinn gairme a spreagadh. Cuireadh réimse deiseanna oiliúna agus féinforbartha ar fáil in 2025, lena n-áirítear lá straitéise foirne a dhírigh ar shaincheisteanna amhail athléimneacht, creidiúnacht maidir le fianaise a thabhairt agus ábhair inimirce níos leithne.

Leanann an Binse lena chuid oibleagáidí i ndáil le rialachas agus tuairisciú láidir a chomhlíonadh, lena n-áirítear mionanailís staitistiúil, tuairisciú airgeadais cuimsitheach agus díriú ar ár gceithre phríomhluach um Éifeachtúlacht, Cothroime, Meas agus Trédhearcacht.

Leanfaidh an Binse le bheith ag plé leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir chun ardchaighdeán cinnteoireachta a choinneáil ar bun ag leanúint leis an gcás a dhéanamh chun an cumas chun achomhairc níos críochnaithe a sholáthar ag an am céanna.

Ag breathnú chun cinn go dtí 2026, tá an Binse ag súil go leanfaidh sé de bheith ag fáil líon suntasach achomharc nua agus mar sin tá sé rithábhachtach

go mbeidh rannpháirtíocht leanúnach ann le comhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, a oibríonn leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe chun leanúint leis na hacmhainní riachtanacha a sholáthar don Bhinse chun go gcomhlíonfaidh sé a dhualgais amach anseo ar bhealach éifeachtach tráthúil de réir mar a leanann na héilimh ar a sheirbhísí ag méadú.

Leanfaidh an Binse de bheith ag obair le comhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, agus tabharfaidh sé comhairle maidir le hathruithe féideartha ar phróisis agus ar struchtúir maidir le hachomhairc ar chinntí a dhéantar ar chosaint idirnáisiúnta i gcomhthéacs rogha na hÉireann a bheith páirteach i gComhaontú Imirce agus Tearmainn an Aontais Eorpaigh.

Tugann an Binse dá aire na forálacha atá beartaithe sa Bhille um Chosaint Idirnáisiúnta 2026 agus a impleachtaí don Bhinse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta a leanfaidh le hachomhairc a phróiseáil agus a thabhairt chun críche do gach duine a dhéanfaidh iarratas nó a gheobhaidh moltaí ó Oifigigh um Chosaint Idirnáisiúnta roimh an 12 Meitheamh 2026. Tá an Binse tiomanta do dhéileáil leis na hachomhairc sin ar bhealach éifeachtach agus cothroime agus meas maidir le gach achomharcóir á n-áirithiú.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an gCathaoirleach agus leis na Leas-Chathaoirigh as a gcomhoibriú i rith na bliana.

Gabhaim buíochas freisin le Geraldine Kennedy, Deirdre O'Reilly agus Valerie Irvine a bhainistíonn na Feidhmeanna Oibríochtaí, Corparáideacha/Rúnaíochta agus Cosanta Sonraí/Feabhsaithe Próiseas Gnó faoi seach, comhaltáí foirne uile an Bhinse lena n-áirítear ár nOifigigh Seirbhíse chomh maith lenár gComhaltáí Binse go léir as a dtacaíocht agus as a dtiomantas. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce as a dtacaíocht agus a gcúnamh leanúnach agus go háirithe an tAonad um Rialachas Sibhialta, an tAonad Acmhainní Daonna agus ár gcomhghleacaithe a chabhráíonn leis an mBinse le seirbhísí TFC a sholáthar.



A handwritten signature in black ink that reads "George Sinclair". The signature is written in a cursive style and is positioned above a horizontal line.

George Sinclair
Cláraitheoir

5. Cláraitheoir agus Riarachán an Bhinse

Cuirtear de chúram ar Chláraitheoir an Bhinse comhaltáí foirne agus lucht riaracháin an Bhinse a bhainistiú agus a rialú, agus cibé feidhmeanna eile a fhéadfaidh an Cathaoirleach a thabhairt dó nó di faoi Acht 2015 a chomhlíonadh. De bhun alt 66(3) d'Acht 2015, beidh an Cláraitheoir freagrach don Chathaoirleach as a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Tá freagracht ar an gCláraitheoir freisin as na hachomhairc a chinnfear a shannadh do Chomhaltáí an Bhinse, agus aird á tabhairt ar an ngá le bainistíocht éifeachtach ar obair an Bhinse, agus comhlíonadh gasta a fheidhmeanna ag an mBinse, i gcomhréir le cothroime agus ceartas nádúrtha, agus le haon Treoirínte arna n-eisiúint ag an gCathaoirleach a chinntiú.

Is státseirbhísigh iad baill foirne riaracháin an Bhinse agus sanntar iad faoi láthair don Bhinse ón Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce de réir alt 61(4) d'Acht 2015. Tá an líon foirne comhaontaithe don Bhinse, lena n-áirítear an Cathaoirleach, Leas-Chathaoirligh agus Comhaltáí lánaimseartha an Bhinse, mar chuid de Chomhaontú Maoirseachta na Roinne leis an mBinse agus, don tréimhse tuairiscithe, b'ionann é sin agus 126. Tá Cathaoirleach an Bhinse, Leas-Chathaoirligh agus Comhaltáí lánaimseartha an Bhinse ar chonarthaí seirbhíse leis an Roinn ar feadh a dtréimhsí ceapacháin faoi seach. Áiríodh leis an líon foirne comhaontaithe 30 Comhalta Lánaimseartha an Bhinse a sholáthar. Tar éis próiseas earcaíochta in 2025, bhí líon foirne de 9 gComhalta Lánaimseartha ag an mBinse ag deireadh na bliana 2025.

5.1. Leibhéal Foirne an Bhinse amhail 31/12/25

LEIBHÉIL FOIRNE IPAT 31/12/2025	Daoine	CL
An Cathaoirleach, Leas-Chathaoirligh, Comhaltáí Lánaimseartha & Taighdeoir Sinsearach Dlí		
Cathaoirleach (Coibhéis PO)	1	1
Leas-Chathaoirligh (Coibhéis Ardleibhéil AP) ¹²	2	1
Comhaltáí Binse L/A (Coibhéis Ardleibhéil AP) ¹³	2	2
Comhaltáí Binse L/A (Coibhéis AP)	7	7
Taighdeoir Sinsearach Dlí (Coibhéis AP)	2	2
Taighdeoir Sinsearach Dlí (Coibhéis AO)	1	1
FO-IOMLÁN	15	14

¹² Tá Leas-Chathaoirleach amháin ar chead neamhláithreachta ón mBinse ó bhí mí Iúil 2025 ann.

¹³ Ag gníomhú mar Leas-Chathaoirligh ar Bhonn Sealadach ó mhí Iúil 2025 i leith.

5.1. Leibhéil Foirne an Bhinse amhail 31/12/25 (ar lean)

Foireann Riaracháin IPAT		
Príomhoifigeach (Cláraitheoir)	1	1
Príomhoifigeach Cúnta	3	3
AOF/Oifigigh Riaracháin	7	6.6
Oifigigh Feidhmiúcháin (1 cheann ag Gníomhú)	18	17.8
Intéirneach Dlí (Oifigeach Feidhmiúcháin)	2	2
Oifigigh Chléireachais	53	51.2
FO-IOMLÁN	84	81.6
IOMLÁN (Foireann Riaracháin + Cathaoirleach ar fad)	99	95.6

5.2. Forbairt agus Oiliúint Chomhaltaí Foirne an Bhinse

Leanadh ar aghaidh le hionduchtú comhaltaí foirne riaracháin i rith 2025 agus tugadh faoi mhéid suntasach foghlama idir piaraí agus foghlama ar an láthair. Baineadh amach forbairt ghairmiúil leanúnach agus forbairt ar dhea-chleachtas trí leas a bhaint as cúrsaí a chuir One Learning agus an Roinn ar fáil ar réimse ábhar. Arís i mbliana, lean an fhoireann le cúrsaí breisoideachais agus chuir siad tús le cúrsaí breisoideachais a bhí maoinithe i bpáirt ag an Roinn.

Tugadh cuireadh do chomhaltaí foirne freastal ar sheisiúin oiliúna agus faisnéise a cuireadh ar fáil do Chomhaltaí an Bhinse chun cur lena dtuiscint ar obair an Bhinse agus ar an bpróiseas cinnteoireachta. Reáchtáladh Seisiúin ‘Foghlaim ag Am Lóin’ ar réimse saincheisteanna mar aon le cuir i láthair ón gCathaoirleach agus ó na Leas-Chathaoirligh a bhí an-eolasach do na foirne uile.

5.3. Nuachóiriú agus Cosaint Sonraí

Nuachóiriú

Tá nuachóiriú chórais agus sreafaí oibre an Bhinse ina shásra rithábhachtach fós chun achomhairc a phróiseáil ar bhealach níos éifeachtaí.

Tá na buntáistí ó thionscnaimh roimhe seo fós á bhfeiceáil ag an mBinse, lena n-áirítear críochnú rathúil an tionscadail um achomhairc gan pháipéar, i ndiaidh sannadh na gcomhad páipéir go léir a bhí fágtha in 2025. Lean Microsoft PowerApps de bheith ag cuidiú le comhaid dhigiteacha a bhainistiú. I ndiaidh bogearraí sínithe leictreonacha a thabhairt isteach in 2024, tá cuidiú faighte ag an mBinse óna n-úsáid i ngach cinneadh in 2025. Leanann an Binse ag féachaint le tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar phróisis ghnó amhail foirmeacha achomhairc a chur isteach go leictreonach.

Cosaint Sonraí

Tugann an Binse tús áite do Chosaint Sonraí, agus cuirtear a gcomhghleacaithe uile ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil i gceart. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun fógra a thabhairt faoi aon sárú sonraí a d’fhéadfadh tarlú. Phróiseáil an Binse 204 Iarratas Duine ar a S(h)onraí in 2025; méadú suntasach i gcomparáid le 29 Iarratas an bhliain roimhe sin. Próiseáladh 11 Iarratas um Shaoráil Faisnéise.

6. Tuarascáil Airgeadais

Catagóir	Caiteachas in 2025
Sainchomhairleoireacht TF – Caiteachas PACT ag an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce	€25,092.00
Costais TF	€527,109.32
Táillí dlíthiúla	€13,047.25
Táillí na gComhaltaí	€2,478,857.52
Ballraíocht i gComhlachtaí Gairmiúla	€12,030.00
Costais Oifige agus Áitreabh	€109,370.71
Innealra Oifige agus Soláthairtí Oifige Eile	€15,418.93
Seirbhísí Poist agus Cumarsáide	€20,130.39
Tuarastail agus Pá	€4,799,084.91
Moil Éisteachta Chianda	€1,165.20
Oiliúint agus Forbairt	€74,818.94
Aistriúchán/Ateangaireacht	€372,081.73
Taisteal	€260.38
Sláinte agus Sábháilteacht	€268.00
Iomlán Comhlán	€8,448,735.28
Tobhach Pinsin	-€53,041.38
Iomlán Glan	€8,395,693.90

6.1. Cinntí arna n-eisiúint ag Comhaltaí Lánaimseartha agus páirtaimseartha den Bhinse in 2025 (Tá ceapacháin nua páirtaimseartha do Chomhaltaí 2025 léirithe i ndath buí sa tábla thíos.)

Comhalta den Bhinse	Dáta is Déanaí a Ceapadh	Líon na gCinntí a Eisiódh
Hilkka Becker (Cathaoirleach)	28/01/2023	3
Cindy Carroll (Leas-Chathaoirleach) ¹⁴	04/03/2023	1
Shauna Gillan (Leas-Chathaoirleach)	17/10/2022	0
John Buckley (Comhalta Lánaimseartha) ¹⁵	03/09/2021	73
Emma Toal (Comhalta Lánaimseartha) ¹⁶	24/04/2023	74
Brian Collins (Comhalta Lánaimseartha)	11/08/2025	5
James Fahy (Comhalta Lánaimseartha)	11/08/2025	13

¹⁴ Ó mhí Iúil 2025 i leith, ar chead neamhláithreachta ón mBinse.

¹⁵ Ó mhí Iúil 2025 i leith, sannadh John Buckley do ról Leas-Chathaoirleach Gníomhach an Bhinse

¹⁶ Ó mhí Iúil 2025 i leith, sannadh Emma Toal do ról Leas-Chathaoirleach Gníomhach an Bhinse.

6.1. Cinntí arna n-eisiúint ag Comhaltaí lánaimseartha agus páirtaimseartha den Bhinse in 2025 (ar lean)

Comhalta den Bhinse	Dáta is Déanaí a Ceapadh	Líon na gCinntí a Eisíodh
Mary Wanjiku Githuka (Comhalta Lánaimseartha)	13/10/2025	0
Silvia Martinez Garcia (Comhalta Lánaimseartha)	13/01/2025	102
Zeldine O'Brien (Comhalta Lánaimseartha)	13/01/2025	126
Simon Shire (Comhalta Lánaimseartha)	20/01/2025	73
Arlene Walsh Wallace (Comhalta Lánaimseartha)	18/08/2025	28
Ciara Bannerman	07/06/2023	16
Emma Barry	27/08/2024	2
Niall Beirne*	07/06/2023	0
James Benson	27/08/2024	26
Kirk Boylan	27/08/2024	27
Maeve Boyle	07/06/2023	3
Alan Brady	07/06/2023	0
Luke Brady	20/08/2025	33
Natalia Brady	20/06/2025	0
Simon Brady*	14/09/2020	0
Keith Branagan	27/08/2024	0
Brid Breathnach	27/08/2024	92
James Bridgeman	27/08/2024	17
Thomas Broderick	15/10/2025	0
Fiona Browne*	27/08/2024	3
Margaret Browne	07/06/2023	192
Alison de Bruir*	27/08/2024	6
Elaine Byrne	15/10/2025	0
Eoin Byrne	07/06/2023	208
Mark Byrne	07/06/2023	106
Naomi Callaghan	28/07/2025	0
Allen Cansick	07/06/2023	0
Kathy Casey	27/08/2024	26
William Cleary	27/08/2024	83
Silvana Colloricchio	28/07/2025	5
Catherine Cosgrave	27/08/2024	55
Alexandra Cowzer-Byrne	15/10/2025	0

6.1. Cinntí arna n-eisiúint ag Comhaltaí lánaimseartha agus páirtaimseartha den Bhinse in 2025 (ar lean)

Comhalta den Bhinse	Dáta is Déanaí a Ceapadh	Líon na gCinntí a Eisíodh
Shannon Coy	20/08/2025	15
Peter Cronin-Burbridge	07/06/2023	22
Siobhan Cullen	20/06/2025	35
Brian Cusack	07/06/2023	54
Arthur Cush	07/06/2023	30
James Daly	27/08/2024	0
Elizabeth Davey	20/06/2025	0
Miriam Delahunt	02/07/2025	2
Lauren Dempster	15/10/2025	0
Peter Dennehy	20/08/2025	0
Sharon Dillon-Lyons	07/06/2023	23
Steven Dixon	07/06/2023	8
Nuala Dockry	15/10/2025	0
Mary Durkan	27/08/2024	11
Miranda Egan-Langley	07/06/2023	76
Marcela Rodriguez Farrelly	20/06/2025	0
Ciara Fitzgerald	20/06/2025	0
Deirdre Flannery	20/06/2025	0
Thomas Flynn	02/07/2025	0
Mary Forde	27/08/2024	62
Úna Glazier-Farmer	27/08/2024	0
Brendan Gogarty	20/06/2025	0
Hugh Good	28/07/2025	0
Paul Gormley	27/08/2024	0
Niamh Harnett	28/07/2025	4
Walter Hegarty	15/10/2025	0
Sumiya Hemsí	15/10/2025	0
Grace Hogan	27/08/2024	17
Matthew Holmes	07/06/2023	60
Christopher Hughes*	07/06/2023	0
Maura Hutchinson*	20/06/2025	0
Helen Johnson	02/07/2025	0

6.1. Cinntí arna n-eisiúint ag Comhaltaí lánaimseartha agus páirtaimseartha den Bhinse in 2025 (ar lean)

Comhalta den Bhinse	Dáta is Déanaí a Ceapadh	Líon na gCinntí a Eisíodh
Ciaran Joyce	07/06/2023	86
Dolores Keane	28/07/2025	1
Sarah Kearney	07/06/2023	18
Jacqueline Kelly	27/08/2024	0
Paul Kerrigan	07/06/2023	171
Michael Kinsley*	07/06/2023	7
Folasade Bola Kuti-Olaniyi	07/06/2023	4
Lorraine Lally	07/06/2023	0
Evelyn Larney	07/06/2023	0
Alex Layden	07/06/2023	17
Peter Leonard	20/06/2025	0
Robert Lowe	07/06/2023	250
Theresa Lowe	27/08/2024	34
Laura MacKenna	28/07/2025	0
Paul Mageean	28/07/2025	0
Tara Maguire	20/06/2025	0
Paul Donald Maier	28/07/2025	2
Dermot Manning	07/06/2023	40
Danny Mason	27/08/2024	120
Alison McCarthy	20/06/2025	0
Ciaran McCarthy	07/06/2023	54
Claire McCarthy	27/08/2024	24
John McDaid	27/08/2024	100
Michele McElhenny	20/06/2025	0
Anne McElligott	27/08/2024	144
Robert McGarr	07/06/2023	16
Denis McGettigan	20/06/2025	0
Anthony McGrade	02/07/2025	0
Michael McGrath	07/06/2023	64
Agnes McKenzie ¹⁷	24/09/2025	89

¹⁷ Bhí Agnes McKenzie ina Comhalta Binse lánaimseartha go dtí an 29 Lúnasa 2025.

6.1. Cinntí arna n-eisiúint ag Comhaltaí lánaimseartha agus páirtaimseartha den Bhinse in 2025 (ar lean)

Comhalta den Bhinse	Dáta is Déanaí a Ceapadh	Líon na gCinntí a Eisiódh
Paul McKeon	20/06/2025	1
Catherine McLoone	02/07/2025	0
Padraig McNamee	28/07/2025	0
Stuart McTaggart	27/08/2024	53
Robert McTernaghan	02/07/2025	0
Frances Meenan	27/08/2024	3
Elizabeth Mitrow	27/08/2024	17
Susan Monaghan	20/06/2025	5
Peter Mullen	02/07/2025	3
Aisling Mulligan	07/06/2023	3
Rory Mulvaney	02/07/2025	0
Carl Mulvey	28/07/2025	3
Carla Murphy	02/07/2025	1
Helen Murray*	07/06/2023	4
Jude Murray	15/10/2025	3
Úna Ní Chatháin	27/08/2024	13
John Noonan	07/06/2023	743
Cormac Ó Dúlacháin*	07/06/2023	5
Lucy O'Connell	15/10/2025	0
Tommy O'Donoghue	28/07/2025	59
Gerard O'Donovan*	12/12/2020	0
Bríd O'Flaherty	07/06/2023	1
Patricia O'Sullivan Lacy	07/06/2023	0
Martin O'Brien	27/08/2024	10
Claire O'Connor	27/08/2024	193
Eoin O'Connor	27/08/2024	46
James O'Connor	27/08/2024	209
Martine O'Connor	20/06/2025	0
Rory O'Connor	02/07/2025	0
Samuel O'Connor	02/07/2025	0
Niamh O'Donnabhain	28/07/2025	0
Fidelma O'Hagan	27/08/2024	25

6.1. Cinntí arna n-eisiúint ag Comhaltaí lánaimseartha agus páirtaimseartha den Bhinse in 2025 (ar lean)

Comhalta den Bhinse	Dáta is Déanaí a Ceapadh	Líon na gCinntí a Eisíodh
Fionnuala Oliver	02/07/2025	0
Marian O'Neill	20/06/2025	0
Donal Pattison	20/06/2025	2
Noel Phoenix	27/08/2024	11
Brenda Power	27/08/2024	65
Michelle Pratley	27/08/2024	12
Maeve Regan	02/07/2025	0
Joseph Richardson	15/10/2025	0
Andrew Robinson	27/08/2024	493
Nicholas Russell	07/06/2023	143
Niamh Ryan	02/07/2025	0
Andrew Sexton	07/06/2023	27
Shereen Shafaatulla	27/08/2024	59
Áine Shannon*	27/08/2024	1
Moira Shipsey	07/06/2023	30
Niall Small	28/07/2025	3
Mairead Smith	07/06/2023	78
Sinéad Smith Ormond	02/07/2025	0
Elizabeth Spelman	27/08/2024	7
Stephen Spierin	20/06/2025	1
Cormac Sreenan	20/08/2025	0
John Stanley	27/08/2024	102
Katie Stevens	20/06/2025	1
Kenneth Togher	27/08/2024	77
Michael Tuite	27/08/2024	11
Majella Twomey	07/06/2023	57
Alison Walker	20/08/2025	0
Amy Walsh	28/07/2025	2
Ciarán White	02/07/2025	57
Joanne Williams	07/06/2023	46
Cyntia Witkoski	15/10/2025	0

* D'fhág sí an Binse in 2025.

7. Staidreamh

7.1. Achoimre – Líon Cásanna an Bhinse 2025

2025	
Achomhairc a Fuarthas	15334
Éisteachtaí Sceidealaithe	3908
Cinntí a Eisíodh	5743
Aistarraingthe/Measta a bheith Aistarraingthe	511
Líon Achomharc a Cuireadh i gCrích	6254
Achomhairc Bheo ar Láimh ag Deireadh na Bliana	18864

7.2. Achoimre – Cineálacha Achomharc a fuarthas in 2025

Cineál Achomhairc	Achomhairc a Fuarthas
Gach Achomharc um Chosaint Idirnáisiúnta	14007
Achomharc Neamh-inghlactha	308
Achomharc ina Dhiaidh Sin	451
Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath III	331
Dálaí Glactha	237
Móriomlán	15334


7.3. Gach Achomharc a Fuarthas in 2025

Gach Achomharc a Fuarthas in 2025							
Mí	Gach Achomharc um Chosaint Idirnáisiúnta		Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath III	Achomhairc Neamh-inghlacthachta (alt 21)	Achomhairc ina Dhiaidh Sin (alt 22)	Achomhairc maidir le Dáláí Glactha	Mór-iomlán
	Achomharc Luathaithe IP	Achomharc Substainteach IP					
Ean	113	763	17	31	24	10	958
Feab	124	943	15	29	26	11	1148
Már	135	1065	16	28	25	15	1284
Aib	107	1033	24	16	22	39	1241
Beal	129	1000	39	22	25	47	1262
Meith	107	938	31	18	50	37	1181
Iúil	166	1000	32	23	56	23	1300
Lún	182	916	19	26	73	10	1226
MFóm	184	1203	26	28	48	13	1502
DFóm	183	1360	34	15	36	20	1648
Sam	182	1087	29	34	29	3	1364
Nóil	142	945	49	38	37	9	1220
Mór-iomlán	1754	12253	331	308	451	237	15334

7.4. Líon na nÉisteachtaí a bhí Sceidealaithe in 2025

Mí	Líon na nÉisteachtaí a bhí Sceidealaithe
Eanáir	135
Feabhra	390
Márta	343
Aibreán	337
Bealtaine	303
Meitheamh	360
Iúil	402
Lúnasa	246
Meán Fómhair	401
Deireadh Fómhair	428
Samhain	311
Nollaig	252
Móriomlán	3908

Éisteachtaí Sceidealaithe de réir na Míosa in 2025




7.5. 'Daoine nár Tháinig' agus Aistarraingtí/Aistarraingtí Measta 2025

2025	Líon na nAchomharc
Daoine nár Tháinig	118
Achomhairc Aistarraingthe / a Mheastar a bheith Aistarraingthe	511


7.6. An Líon a Cuireadh Siar agus a Cuireadh ar Atráth

2025	Líon na nAchomharc
Achomharc Closamhairc a Cuireadh ar Atráth	85
Achomharc Closamhairc a Cuireadh Siar	647
Achomharc ar an Láthair a Cuireadh ar Atráth	66
Achomharc ar an Láthair a Cuireadh Siar	412
Móriomlán	1210

Toradh le haghaidh Cásanna Sceidealaithe ar an Láthair do 2025



Toradh le haghaidh Cásanna Sceidealaithe Closamhairc do 2025



7.7. Líon Iomlán na gCinntí a Eisíodh in aghaidh na Míosa

Mí a Eisíodh in 2025	Líon na gCinntí a Eisíodh
Eanáir	256
Feabhra	252
Márta	371
Aibreán	511
Bealtaine	539
Meitheamh	489
Iúil	615
Lúnasa	487
Meán Fómhair	635
Deireadh Fómhair	588
Samhain	592
Nollaig	408
Móriomlán	5743

7.8. Gach Cinneadh a Eisíodh in 2025

Gach Achomharc a Cinneadh in 2025							
Mí	Gach achomharc um Chosaint Idirnáisiúnta		Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath III	Achomhairc Neamh-inghlacthachta (alt 21)	Achomhairc ina Dhiaidh Sin (alt 22)	Achomhairc maidir le Dálaí Glactha	Móriomlán
	Achomharc Luathaithe IP	Achomharc Substainteach IP					
Ean	118	121	3	11	0	3	256
Feab	100	112	2	22	4	12	252
Már	159	180	7	15	2	8	371
Aib	220	233	6	17	2	33	511
Beal	243	201	5	19	6	65	539
Meith	181	217	5	28	26	32	489
Iúil	182	280	20	17	88	28	615
Lún	138	181	9	21	122	16	487
MFóm	207	252	26	18	118	14	635
DFóm	196	246	7	40	84	15	588
Sam	264	202	8	50	62	6	592
Noll	173	151	5	59	13	7	408
Móriomlán	2181	2376	103	317	527	239	5743

7.9. Achoimre ar Achomhairc ar Feitheamh an 31 Nollaig 2025

Cineál Achomhairc	Líon ar Feitheamh
Gach Achomharc um Chosaint Idirnáisiúnta	17803*
Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath III	539
Achomhairc Neamh-inghlactha	366
Achomhairc ina Dhiaidh Sin	84
Achomhairc maidir le Dálaí Glactha	72
Móriomlán	18864

* Achomhairc Shubstainteacha IP 15781 agus Achomharc Luathaithe IP 2022.


7.10. Fad an Phróisis Achomhairc

Amana Próiseála Airmheánacha i Míonna (maidir le cinntí a eisíodh in 2025 ón dáta 'Glacadh leis an Achomharc' go dtí an dáta 'Cinneadh Achomhairc')		
Cineál Achomhairc	Airmheán	Líon na nAchomharc
Achomhairc IP Shubstainteacha	15.2	2376
Achomhairc Luathaithe IP	11.0	2181
Achomhairc ina Dhiaidh Sin	3.4	527
Achomhairc Neamh-inghlactha	9.5	317
Achomhairc Rialachán Bhaile Átha Cliath III	19.1	103
Iomlán	12.5	5504*

* *Ní áirítear Achomhairc maidir le Dálaí Glactha.

7.11. Achomhairc Shubstainteacha um Chosaint Idirnáisiúnta a Glacadh in 2025 de réir Tír Thionscnaimh

Achomhairc ar Glacadh leo a Fuarthas de réir tíre tionscnaimh 2025




An Nigéir,	28%	An Bhanglaidéis	4%
An Iordáin	12%	An tSomáil	3%
An Ailgéir	8%	An Éigipt	2%
An Phacastáin	7%	An Afganastáin	2%
An tSeoirsia	7%	Eile	22%
An tSiombáib	5%		

7.12. Achomhairc Nós Imeachta Aonair um Chosaint Idirnáisiúnta 2025 (Toradh na nAchomharc)

Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta 2025			
Deonaithe/Curtha i Leataobh – Tearmann	Deonaithe/Curtha i Leataobh – Cosaint Choimhdeach (SP)	Iomlán a Deimhníodh	Iomlán na gCinntí
1156	118	3283	4557
25%	3%	72%	100%

7.13. Anailís ar Mholtaí Nós Imeachta Aonair Deimhnithe um Chosaint Idirnáisiúnta 2017 go 2025

Anailís ar Chinntí Deimhnithe Nós Imeachta Aonair um Chosaint Idirnáisiúnta



7.14. Achoimre ar Chinntí Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta de réir na Tíre Náisiúntachta – Deimhnithe agus Curtha ar Leataobh in 2025


Náisiúntacht	Móriomlán	Deonaithe/ Curtha i Leataobh	Diúltaithe/ Deimhnithe	% Iomlán na gCinntí a Cuireadh i Leataobh	% Iomlán na gCinntí a Deimhníodh
An tSeoirsia	1501	292	1209	19%	81%
An Nigéir	614	196	418	32%	68%
An Ailgéir	581	101	480	17%	83%
An Afraic Theas	348	98	250	28%	72%
An tSiombáib	265	154	111	58%	42%
An tSomáil	162	118	44	73%	27%
An Bhotsuáin	162	71	91	44%	56%
An Éigipt	128	10	118	8%	92%
An Albáin	106	28	78	26%	74%
An Phacastáin	96	29	67	30%	70%
Eile	594	177	417	30%	70%
Móriomlán	4557	1274	3283	28%	72%

7.15. Cinntí Rialachán Bhaile Átha Cliath III a Deimhníodh agus a Cuireadh i Leataobh in 2025

Cineál Achomhairc	Deimhnithe		Curtha i Leataobh		Iomlán	
	Líon na gCinntí	%	Líon na gCinntí	%	Líon na gCinntí	%
Baile Átha Cliath III	77	75%	26	25%	103	100%

7.16. Anailís ar Chinntí Rialachán Bhaile Átha Cliath 2017 go 2025

Anailís ar Chinntí Deimhnithe Rialachán Bhaile Átha Cliath



7.17. Cinntí Achomhairc Neamh-inghlacthachta Deimhnithe (alt 21)

Cineál Achomhairc	Deimhnithe		Curtha i Leataobh		Iomlán	
	Líon na gCinntí	%	Líon na gCinntí	%	Líon na gCinntí	%
Achomhairc Neamhinghlactha	198	62%	119	38%	317	100%

7.18. Cinntí maidir le hAchomhairc Dheimhnithe ina Dhiaidh Sin (alt 22)

Cineál Achomhairc	Deimhnithe		Curtha i Leataobh		Iomlán	
	Líon na gCinntí	%	Líon na gCinntí	%	Líon na gCinntí	%
Achomhairc ina Dhiaidh Sin	458	87%	69	13%	527	100%

**An Binse um Achomhairc
i dtaobh Cosaint
Idirnáisiúnta**

6/7 Sráid Hanover Thoir
Baile Átha Cliath
D02 W320, Éire

Saorghlao: 1800 201 458
info@protectionappeals.ie

www.protectionappeals.ie

